



An Bhruiséil, 20 Márta 2026
(OR. en)

7426/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0408(COD)

CODEC 470
JUSTCIV 43
ECOFIN 347
COMPET 344
JAI 364

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuíbhíú (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 7 Nollaig 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 6 Feabhra 2023².
3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 22 Márta 2023³.
4. An 10 Márta 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún⁴. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

¹ 15896/22 + ADD 1 go ADD 4.

² 6147/23.

³ 7856/23.

⁴ 7289/26.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Parlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 64/25 é, a fhorghreas mar mhír ‘A’ ar chláir oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil.
6. Má fhorghreasann an Chomhairle seasamh Parlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Parlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
